An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

## An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**2022**




Ag Obair **Le Chéile**

DELIVER - IMPROVE - TRANSFORM

# Clár Ábhar

1 Achoimre Fheidhmeach ..... 5

2 Réamhrá ..... 9

2.1 Na sonraí atá ar fáil don bhliain 2021/22 ..... 9

2.2 Próifíl Achoimre na Roinne ..... 10

3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní ..... 13

3.1 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile ..... 14

3.2 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe ..... 17

3.3 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil ..... 18

3.4 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle ..... 18

4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn ..... 20

5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní ..... 20

6 Aguisíní ..... 23

An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas ..... 24

## Léaráidí:


Tábla Forbhreathnaithe

Ionadaíocht inscne (na fostaithe uile) – 24 Meitheamh 2022

Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid – 24 Meitheamh 2022

Ionadaíocht inscne i measc fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha – 24 Meitheamh 2022

Ionadaíocht inscne i measc fostaithe postroinnte – 24 Meitheamh 2022

Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig

An bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán phá idir na hinscní

An Difríocht Mheánach agus Airmheánach Phá idir na hInscní, €

Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha

Forbhreathnú tábla ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

Sciar na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%)

Forbhreathnú Tábla ar Ghníomhartha

Ionadaíocht inscne ar fud na ngrád

Tábla ar an bPlean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní agus Stádas an Phlean

## Liosta Grád

**OR** **Oifigeach Riaracháin**
**PC** **Príomhoifigeach Cúnta**
**RC** **Rúnaí Cúnta**
**OC** **Oifigeach Cléireachais**
**LR** **Leas-Rúnaí**
**OF** **Oifigeach Feidhmiúcháin**
**AOF** **Ardoifigeach Feidhmiúcháin**
**PO** **Príomhoifigeach**
**PGT** **Post Gairmiúil/Teicniúil**
**AR** **Ard-Rúnaí**
**OS** **Oifigeach Seirbhíse**

**Is mar a leanas atá ordlathas na ngrád:** Ard-Rúnaí, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta, Príomhoifigeach, Príomhoifigeach Cúnta, Oifigeach Riaracháin nó Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Cléireachais, agus Oifigeach Seirbhíse.

Ní ionann gráid **Phoist Ghairmiúil/Theicniúil** agus gráid ghinearálta státseirbhíse. Tá sainobair i gceist leo, agus is féidir ceanglais cháiliúcháin nó chomhlíonta níos sonraí, scálaí difriúla pá agus coinníollacha difriúla fostaíochta a bheith i gceist leo. Cé go bhfuil gráid phoist ghairmiúil/theicniúil le fáil i ngach rannán sa Roinn, is i Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus sa Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála atá an chuid is mó díobh lonnaithe. Is ionann céatadán na ngrád poist ghairmiúil/theicniúil i líon foirne na Roinne agus 17.5%.

# 1 Achoimre Fheidhmeach

Foráiltear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní go ndéanfaí rialacháin le haghaidh an bhearna phá idir na hinscní a thuairisciú in eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu. Is ionann an bhearna phá idir na hinscní agus an difríocht idir an t-ollphá san uair an chloig a fhaigheann mná agus an t-ollphá san uair an chloig a fhaigheann fir. Léirítear í mar chéatadán de phá na bhfear. Ní ionann an bhearna phá idir na hinscní agus coincheap an “phá chomhionainn” – de réir phrionsabal an phá chomhionainn, níor cheart aon difríocht phá a bheith ann bunaithe ar inscne.

Baineann na tomhais atá curtha i láthair sa doiciméad seo leis na difríochtaí i sonraí comhiomlánaithe d’fhir agus do mhná ar fud na Roinne amhail an dáta léargais an 24 Meitheamh 2022, lena gcumhdaítear an tréimhse tuairiscithe ón 25 Meitheamh 2021 go dtí an 24 Meitheamh 2022.

Sna Rialacháin fán Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, leagtar amach ceanglais tuairiscithe i gcatagóirithe sonracha amhail ‘na fostaithe uile’, ‘fostaithe páirtaimseartha’ agus ‘forbhreathnú ar ionadaíocht inscne i gceathairíleanna pá’. Is tugtha thíos atá tábla forbhreathnaithe ina gcuirtear na tomhais bhearna pá sin i gcomparáid le chéile.

Tá an bhearna phá idir na hinscní do na fostaithe uile sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don tréimhse tuairiscithe suas go dtí an dáta léargais an 24 Meitheamh 2022 cothrom le 12.1% (an bhearna mheánach phá) nó le 16% (an bhearna airmheánach phá). Is féidir an bhearna phá sin a chur síos go príomha don líon níos airde fear atá i róil ardbhainistíochta san eagraíocht. Tá sé sin le feiceáil sa cheathairíl phá uachtair, áit ar fir atá i 65% de na fostaithe uile agus ar mná atá i 35% díobh. Tá an éagothroime laistigh den cheathairíl uachtair ar an bpríomhchúis leis an mbearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig. Is féidir go sainaithneofar i mbearna phá idir na hinscní cé acu a dhéantar nó nach ndéantar ionadaíocht chothrom do mhná ar fud na heagraíochta. Léirítear sa tuarascáil seo ón Roinn ar an mbearna phá go bhfuil éagothroime ann in ionadaíocht inscne sa cheathairíl phá uachtair, ina ndéantar ionadaíocht do leibhéil shinsearacha agus bhainistíochta na heagraíochta.

Tá tuilleadh faisnéise chun an bhearna agus na bearta atá ar siúl a mhíniú curtha i láthair ar bhealach níos mine sa tuarascáil. Cuirfear na bearta sin ar aghaidh tríd an straitéis ‘Ag Obair Le Chéile’, an straitéis atá i bhfeidhm ag an Roinn chun cumas eagraíochta a fhorbairt agus chun infheistiú san fhoireann chun a chinntiú go bhfuil an Roinn in ann dea-thorthaí a bhaint amach san am i láthair agus go mbeidh sí in ann na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sa

todhchaí a shárú. Tá dea-dhul chun cinn déanta ar Straitéis Daoine agus Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú araon a fhorbairt. Faoi na straitéisí sin, leanfar ar aghaidh le gníomhartha chun comhionannas inscne a chur ar aghaidh agus chun feabhas a chur ar ionadaíocht na mban sna gráid ardbhainistíochta, agus roinnt díobh i bhfeidhm cheana féin.

Ní thugann aon bhearna phá idir na hinscní le tuiscint go bhfaigheann fir agus mná pá difriúil as an ról céanna a chomhlíonadh thar uaireanta coibhéiseacha. Tá an earcaíocht ar fad sa Roinn ar aon dul leis an "gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí", agus tá an pá ar aon dul leis na rátaí pá státseirbhíse, mar a shocraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go lárnach iad, áit a sainítear pá de réir gráid agus de réir pointe ar an scála pá bunaithe ar fhad seirbhíse agus gan aon tagairt d'inscne.

Ní léirítear sa tuarascáil seo a mhéid a chuaigh tosca amhail fad seirbhíse, leas a bhaint as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh nó saoire chosantach, agus obair pháirtaimseartha, i bhfeidhm ar ionadaíocht na mban ar fud na ngrád uile sa Roinn. Ní cheanglaítear anailís a dhéanamh sa tuarascáil seo ar an ionadaíocht inscne in earnálacha nó róil áirithe sa Roinn a bhí comhdhéanta go príomha d'fhir nó de mhná san am atá thart ná ar an tionchar a bhí ag na tosca sin ar an ionadaíocht inscne sa cheathairíl phá uachtair. Dá réir sin, níl anailís den sórt sin ar áireamh sa tuarascáil seo. Tá anailís níos mine ar na tosca sin ar cheann amháin de na gníomhartha atá le cur ar áireamh sa Straitéis Daoine agus sa Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón Roinn, a bhfuil an dá cheann díobh á ndréachtú faoi láthair.

Ní dhearnadh sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní a chomhordú ar an mbealach seo riamh sa Roinn, agus níl aon chomparáid idir na sonraí don bhliain 2022 agus do bhlianta roimhe ar fáil.

### Tábla Forbhreathnaithe

| **Ceanglais Tuairiscithe an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, don Bhliain 2022**<br><br>**(Dáta léargais an 24 Meitheamh 2022)** | **CÉATADÁN** |
|---|---|
| 1. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 12.1% |
| 2. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | 7.37% |
| 3. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Oibrithe Sealadacha) | n/b |
| 4. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 16% |
| 5. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | 12.65% |
| 6. An bhearna mheánach phá Bónais idir na hinscní | n/b |
| 7. An bhearna airmheánach phá Bónais idir na hinscní | n/b |
| 8. An % a fuair Bónas | F: n/b<br><br>B: n/b |
| 9. An % a fuair Sochar Comhchineáil | F: n/b<br><br>B: n/b |
| 12. An céatadán d’fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íochtair | F: 49.2%<br><br>B: 50.85% |
| 7. An céatadán d’fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íosláir | F: 40.2%<br><br>B: 59.8% |

| | |
|---|---|
| 8. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uasláir | F: 52.8%<br><br>B: 47.2% |
| 9. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uachtair | F: 65%<br><br>B: 35% |

# 2 Réamhrá

## 2.1 Na sonraí atá ar fáil don bhliain 2021/22

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar shonraí don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a sholáthair an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, ar sonraí iad a tógadh ar an "dáta léargais" an 24 Meitheamh 2022 agus lena gcumhdaítear an tréimhse 12 mhí roimhe. Ar an dáta léargais, bhí 492 dhuine san fhostaíocht bhuan sa Roinn – 235 bhean agus 257 bhfear. Bhí fostaithe na Roinne dáilte ar fud deich gcinn de ghráid riaracháin/coibhéisí gráid státseirbhíse agus sé ghrád scála pá is caoga.  Ar aon dul leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ní áirítear leis an tuarascáil seo ach daoine den inscne fhireann agus daoine den inscne bhaineann.

Forordaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, na méadrachtaí is intuairiscithe maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Agus an meánphá san uair an chloig d'fhir agus do mhná á ríomh, tá uaireanta tráthrialta agus uaireanta ragoibre araon le cur ar áireamh sa tuarascáil, mar aon le haon liúntais phá agus aon bhónais. Chuir líon beag fostaithe uaireanta ragoibre isteach le linn na tréimhse tuairiscithe i gcomparáid le huaireanta oibre tráthrialta. Ní bhfuair aon fhostaí íocaíocht bónais ná íocaíocht sochair comhchineáil le linn na tréimhse tuairiscithe.

### 2.1.1 Teorainneacha na sonraí

Maidir leis an tuarascáil seo, is ann do roinnt teorainneacha ar féidir go ndéanfaidh siad difear do chonclúidí na sonraí atá curtha i láthair.

- Is le bliain aonair sonraí a bhaineann an tacar sonraí a úsáideadh don tuarascáil seo, agus tá sa tacar sin sonraí faoi fhostaithe a chuaigh isteach san eagraíocht, nó a d'fhág an eagraíocht, thart ar an dáta léargais. Sna cásanna sin, ní léirítear sa ríomhaireacht bhliantúlaithe imthosca iarbhír na bhfostaithe sin, agus is féidir go ndéanfaidh sé sin difear do na méadrachtaí foriomlána atá curtha i láthair.
- Trí bhreathnú ar an bpá meánach agus airmheánach san uair an chloig, agus air sin amháin, ní fhaightear ach léargas páirteach ar bhearna phá idir na hinscní. Trí bhreathnú ar shonraí faoi dhifríochtaí pá atá roinnte ina gceathairíleanna, áfach, faightear léargas níos gráinní ar a mhéid a dhéantar ionadaíocht do mhná ar fud na heagraíochta ó thaobh pá de.


## 2.2 Próifíl Achoimre na Roinne

Tugtar sa rannán seo achoimre ar an bpróifíl fostaithe laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Áirítear leis miondealú ar fhostaithe de réir inscne, gráid agus stádas páirtaimseartha ar an dáta léargais an 24 Meitheamh 2022.

### 2.2.1 Achoimre ar fhostaithe

Tráth an dáta léargais (24 Meitheamh 2022), bhí 492 fhostaí ar phárolla na Roinne. Mná a bhí i 48% de na fostaithe sin agus fir a bhí i 52% díobh.

**Ionadaíocht inscne (na fostaithe uile) – 24 Meitheamh 2022**




### 2.2.2 Meánaois fostaithe

B'ionann meánaois fhostaithe na Roinne tráth an dáta léargais agus 42 bhliain d'aois.

### 2.2.3 Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid

Léirítear sa ghraf thíos ionadaíocht chéatadánach inscne fhostaithe na Roinne bunaithe ar líon foirne de réir gráid, amhail an dáta léargais an 24 Meitheamh 2022.

Ag an am sin, ba mhó an líon fear ná an líon ban i ngráid an Rúnaí Chúnta, an Phríomhoifigigh (poist Ghairmiúla/Theicniúla san áireamh), an Oifigigh Riaracháin (poist Ghairmiúla/Theicniúla san áireamh) agus an Oifigigh Seirbhíse. Ní raibh ach fostaí amháin


ann i ngráid an Ard-Rúnaí agus an Leas-Rúnaí faoi seach. Fear a bhí san fhostaí sin sa dá chás.

Ba mhó an líon ban ná an líon fear i ngráid an Phríomhoifigigh Chúnta, an Ardoifigigh Feidhmiúcháin, an Oifigigh Feidhmiúcháin agus an Oifigigh Cléireachais. Ba mhó an líon fear ná an líon ban i ngráid phoist Ghairmiúil/Theicniúil an Phríomhoifigigh Chúnta agus an Ardoifigigh Feidhmiúcháin, áfach.

Ba é an grád ag a ndearnadh ionadaíocht don chéatadán is airde de mhná ná grád an Oifigigh Cléireachais (64%).

Laistigh den Roinn, déantar ionadaíocht do ghráid phoist Ghairmiúil/Theicniúil ar fud ghráid choibhéiseacha riaracháin PO, PC, AOF agus OR. Tá na gráid phoist ghairmiúil/theicniúil curtha ar áireamh sa léaráid thíos, le taobh na gcoibhéisí gráid riaracháin.

### Ionadaíocht inscne de réir gráid – 24 Meitheamh 2022





*Féach an tAguisín le haghaidh tábla comhfhreagrach sonraí.*

## 2.2.4 Fostaithe páirtaimseartha


Chun críche na tuarascála seo, níor aicmíodh ach postroinnteoirí mar fhostaithe "páirtaimseartha". Tráth an dáta léargais, bhí 36 fhostaí ag baint leas as postroinnt, mar atá léirithe sa ghraf thíos.

**Ionadaíocht inscne i measc fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha – 24 Meitheamh 2022**




Bhí 7% de na fostaithe uile ag baint leas as socruithe postroinnte. Mná a bhí in 81% de na fostaithe uile a aicmíodh mar fhostaithe "páirtaimseartha".

**Ionadaíocht inscne i measc fostaithe postroinnte – 24 Meitheamh 2022**



## 3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní

Ceanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, go dtuairisceofaí na tomhais seo a leanas:

> **An bhearna mheánach phá idir na hinscní** – an difríocht idir an ráta meánach pá san uair an chloig d'fhostaithe fireanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí agus d'fhostaithe baineanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí, agus oibrithe sealadacha.
>
> **An bhearna airmheánach phá idir na hinscní** – an difríocht idir an ráta airmheánach pá san uair an chloig d'fhostaithe fireanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí agus d'fhostaithe baineanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí, agus oibrithe sealadacha.
>
> **An bhearna airmheánach bhónais** – an difríocht idir an pá airmheánach bónais a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí.
>
> **An bhearna mheánach bhónais** – an difríocht idir an pá meánach bónais a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí.
>
> **An bhearna mheánach sochair comhchineáil** – an difríocht idir an sochar comhchineáil meánach a fhaigheann fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a fhaigheann fostaithe baineanna iomchuí.
>
> **An bhearna airmheánach sochair comhchineáil** – an difríocht idir an sochar comhchineáil airmheánach a fhaigheann fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a fhaigheann fostaithe baineanna iomchuí.
>
> **Bandaí pá ceathairíle** – sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna lánphá iomchuí sa bhanda pá ceathairíle íochtair, sa bhanda pá ceathairíle íosláir, sa bhanda pá ceathairíle uasláir agus sa bhanda pá ceathairíle uachtair.

Ríomhadh na tomhais seo a leanas trí úsáid a bhaint as dáta léargais an 24 Meitheamh 2022 agus áiríodh leo sonraí ón tréimhse 12 mhí roimhe. Áirítear leis an tacar sonraí seo 235 bhean agus 257 bhfear, agus iad ag déanamh ionadaíocht do 492 fhostaí san iomlán.

## 3.1 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile

Léirítear sa tábla seo thíos sonraí a bhaineann leis an bpá iomlán agus leis an bpá san uair an chloig do na fostaithe baineanna agus fireanna uile.

Tagraíonn an focal ***meánach*** don mheán de thacar luachanna, i.e., suim na luachanna arna roinnt ar an líon luachanna. Tagraíonn an focal ***airmheánach*** don lárphointe de thacar luachanna nuair a chuirtear in ord iad ón luach is lú go dtí an luach is mó.

**Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig**

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe na Roinne (Meitheamh 2022) | 235 | 257 | 492 |
| Bunphá Iomlán | €11,593,032.25 | €16,197,311.75 | €27,790,344.00 |
| Uaireanta a Oibríodh | 373,328.56 | 457,919.40 | 831,247.96 |
| Uaireanta Ragoibre | 33.50 | 760.75 | 794.25 |
| Uaireanta Iomlána | 373,362.06 | 458,680.15 | 832,042.21 |
| An Ráta Meánach san Uair an Chloig | 31.05 | 35.31 | 33.40 |
| An Ráta Airmheánach san Uair an Chloig | 28.42 | 33.84 | 30.29 |

Is féidir roinnt conclúidí a tharraingt as an tábla thuas:

- Is airde an pá meánach san uair an chloig ná an pá airmheánach do mhná agus d'fhir araon. Is gné choitianta é sin d'eagraíocht ordlathach inar mó i bhfad an líon fostaithe ar an bpá is ísle ná an líon fostaithe ar an bpá is airde.
- Ba mhó an meánlíon uaireanta a d'oibrigh fir – ba é sin, 1,800 uair an chloig san fhostaí sa bhliain – ná an meánlíon uaireanta a d'oibrigh mná – ba é sin, 1,616 huaire an chloig san fhostaí sa bhliain. Ba mhó an líon ban ná an líon fear a bhí ag baint leas as postroinnt agus as saoire do thuismitheoirí[1] sa Roinn. Ba mhó an líon

[1] Chun críche na dtomhas bearna pá idir na hinscní sa tuarascáil seo, ní mheastar gur fostaíocht pháirtaimseartha í saoire do thuismitheoirí. Mar sin féin, laghdaítear an líon uaireanta foriomlána a

uaireanta ragoibre a d’fhabhraigh fir ná a d’fhabhraigh mná freisin (cé gurbh uaireanta ragoibre a bhí i níos lú ná 10% de na huaireanta iomlána a oibríodh).

Tá an bhearna fhoriomlán phá idir na hinscní léirithe thíos mar ríomhaireacht chéatadánach ar phá meánach agus airmheánach na mban i gcoibhneas le pá meánach agus airmheánach na bhfear.

oibrítear nuair a bhaintear leas as saoire do thuismitheoirí. Is mná atá i 57% de na fostaithe uile sa Roinn atá ag baint leas as saoire do thuismitheoirí.

### An bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán phá idir na hinscní









Taispeántar sa dá léaráid thíos na céatadáin mheánacha agus airmheánacha i ndáil le pá na mban i gcomparáid le gach €1 a thuill fir ar fud na Roinne.

### An Difríocht Mheánach agus Airmheánach Phá idir na hInscní, €



## 3.2 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe

Chun críche na tuarascála seo, tá fostaithe páirtaimseartha aicmithe mar bhaill foirne atá ag baint leas as socruithe postroinnte.[2]

Áirítear leis an tábla thíos sonraí a bhaineann le pá fostaithe baineanna páirtaimseartha agus le pá fostaithe fireanna páirtaimseartha. Tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha san uair an chloig cothrom le 7.37% agus tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí airmheánacha san uair an chloig cothrom le 12.65%. Is postroinnteoirí atá i 7% de na fostaithe uile. Is mná atá in 80% de na fostaithe uile atá ag baint leas as postroinnt freisin, cé gur mná atá i 48% d'fhórsa saothair foriomlán na Roinne. Mar thoradh air sin, is mná sa chohórt fostaithe páirtaimseartha atá i 6% de na fostaithe uile ar fud na heagraíochta.

### Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe páirtaimseartha

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe Páirtaimseartha na Roinne (Meitheamh 2022) | 29 | 7 | 36 |
| Bunphá Iomlán | €1,026,661.84 | €294,659.30 | €1,321,321.14 |
| Uaireanta a Oibríodh | 36,595.26 | 19,203.00 | 72,324.31 |
| Uaireanta Ragoibre | 13 | 164.5 | 177.5 |
| Uaireanta Iomlána | 36,608.26 | 19,367.50 | 72,501.81 |
| An Ráta Meánach san Uair an Chloig | 28.04 | 30.27 | 30.35 |
| An Ráta Airmheánach san Uair an Chloig | 27.13 | 31.06 | 27.48 |
| An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní | **7.37%** | | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní | **12.65%** | | |

[2] Níl baill foirne atá ag baint leas as saoire do thuismitheoirí aicmithe mar fhostaithe páirtaimseartha.

## 3.3 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil

Ní bhaineann tuairiscí ar an mbearna mheánach agus airmheánach i ndáil le híocaíochtaí bónais ná le sochair chomhchineáil le hábhar i gcás baill foirne a d'fhóin sa Roinn sa bhliain 2022 agus níl siad ar áireamh sa tuarascáil seo.

## 3.4 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle


Chun léargas níos mine a fháil ar na difríochtaí pá idir fir agus mná, sórtáiltear na fostaithe uile ina mbanda pá féin agus roinntear iad ina gceathairíleanna ansin – i.e., b'ionann an leibhéal pá ar leith faoina dtagann 25% de na fostaithe uile agus an chéad cheathairíl, nó an cheathairíl "íochtair", b'ionann an grúpa pá atá os cionn an leibhéil sin ach atá faoi bhun an leibhéil airmheánaigh (50%) agus an dara ceathairíl (an cheathairíl íosláir), agus araile.

Tá rannpháirtíocht choibhneasta na bhfear agus na mban i ngach ceann de na ceathairíleanna curtha i láthair sa tábla agus sna píchairteacha thíos.

**Forbhreathnú tábla ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle**

| | Líon | | Céatadán | |
|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann |
| An cheathairíl íochtair | 63 | 61 | 50.8% | 49.2% |
| An cheathairíl íosláir | 49 | 73 | 40.2% | 59.8% |
| An cheathairíl uasláir | 65 | 58 | 52.8% | 47.2% |
| An cheathairíl uachtair | 80 | 43 | 65% | 35% |

#### Sciar na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%)




Cé gur mó an líon fear ná an líon ban sa Roinn (251 fhear i gcomparáid le 231 bhean), níl an éagothroime chomh suntasach sin (fir atá i 52% de na fostaithe uile agus mná atá i 48% díobh). Tá thart ar bheirt fhear sa bhean ann sa cheathairíl is airde pá. Tá an éagothroime sin laistigh den cheathairíl uachtair ar an bpríomhchúis leis an mbearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig.

# 4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn

Mar fhocal scoir, is féidir an bhearna phá idir na hinscní sa Roinn a chur síos go príomha don líon i bhfad níos airde fear laistigh den bhanda pá ceathairíle uachtair, áit a léirítear éagothroime inscne na Roinne ar fud na ról ardbhainistíochta.

Cé go dtagann céatadán measartha íseal de bhaill foirne faoin sainmhíniú ar fhostaithe páirtaimseartha, fágann an céatadán i bhfad níos airde de mhná atá ag baint leas as postroinnt i gcomparáid leis an gcéatadán d’fhir gur gá tuilleadh anailíse a dhéanamh chun tuiscint a ghnóthú ar na tosca a bhíonn taobh thiar den bhearna phá idir na hinscní i measc an chohóirt sin agus ar an difear a dhéanann na cineálacha tionscnamh sin don staid fhoriomlán.

Tá tuilleadh anailíse ag teastáil freisin ar mhéid na bearna pá idir na hinscní ar fud bandaí aoise, rannán agus ról, lena n-áirítear comparáid idir an bhearna phá i ngráid Ghairmiúla/Theicniúla phá agus an bhearna phá i ngráid riaracháin phá.

# 5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní

Aithníonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a thábhachtaí atá sé a bearna phá idir na hinscní a laghdú agus thug sí roinnt gníomhartha isteach sa bhliain 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna.

Tá sé mar aidhm leis an straitéis chorparáideach uainn dar teideal “Ag Obair Le Chéile” ár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir linn an Ráiteas Straitéise uainn a chomhlíonadh, mar aon leis an bhfís atá againn le haghaidh Éire atá aeráidneodrach, atá inbhuanaithe agus atá nasctha ón taobh digiteach de. Leis an straitéis, cuirtear de cheangal ar an Roinn éirí ina roghfhostóir, fórsa saothair na todhchaí a fhorbairt agus tacaíocht agus meas a thabhairt do bhaill foirne. Spreagthach tábhachtach maidir leis an Roinn a bhunathrú is ea comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn. Tugadh roinnt gníomhartha isteach ina leith sin sa bhliain 2022 agus leanfar ar aghaidh leo sa bhliain 2023.

Tá an Roinn ag ullmhú Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú faoi láthair, agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar an doiciméad sin go luath sa bhliain 2023. Tá Suirbhé ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar

siúl faoi láthair i mí na Nollag 2022, agus áireofar leis na freagraí ar an suirbhé sin sonraí a bhaineann le heispéiris fostaithe agus lena ndearcadh i leith na Roinne. Tá an Straitéis Daoine ón Roinn ag ardchéim dá forbairt freisin. Áireofar leis an dá cheann de na straitéisí sin gníomhartha sonracha i réimsí an acmhainnithe, na forbartha ceannaireachta agus na hanailíse sonraí chun buntacú le tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna agus chun bonn eolais a chur faoi bhearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá sainaitheanta sa tuarascáil seo. Tomhaisfear tionchar na ngníomhartha chun a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach á imirt acu.

Bunaíodh Grúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Roinn sa bhliain 2021. Reáchtáil an grúpa sin agus an Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha seimineár Gréasáin ar "Lá Idirnáisiúnta na mBan" i mí an Mhárta, ar lena linn a athbhreithníodh sonraí a bhaineann leis an gcothromaíocht inscne agus le hionadaíocht na mban i ngráid bhainistíochta. Reáchtáil siad fóram oscailte freisin chun plé a dhéanamh ar théamaí a bhaineann le Dul Chun Cinn Gairme, le Saoráidí agus Tionscnaimh, agus leis an Obair Chumaisc.

Tá na gníomhartha a sainaithníodh dírithe ar fheabhas a chur ar ionadaíocht na mban i ngráid ardbhainistíochta agus ar thionscnaimh eile cosúil le seimineáir Ghréasáin a reáchtáil ar thopaicí amhail sos míostraithe agus tuismitheoireacht agus ar thopaicí eile chun áit oibre chuimsitheach a chur chun cinn.

Achoimrítear sa tábla thíos na gníomhartha atá ar siúl agus na gníomhartha atá beartaithe araon chun measúnú a dhéanamh ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn agus chun aghaidh a thabhairt uirthi.

**Forbhreathnú ar Ghníomhartha chun measúnú a dhéanamh ar Bhearna Phá na Roinne agus chun aghaidh a thabhairt uirthi**

| Téama | Gníomhartha |
|---|---|
| Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile' | • Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Sholáthar – Comhionannas Inscne<br>• Straitéis Daoine a Sholáthar – Comhionannas Inscne agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| Deiseanna Líonraithe | • Líonra Ban a Bhunú<br>• Ballraíocht de Chlub 30% |
| Meantóireacht | • Sruth Piarmheantóireachta na mBan<br>• Clár meantóireachta líonra Fhoras Bainistíochta na hÉireann/Chlub 30% |
| Foghlaim agus Forbairt | • Feachtas ar Lá Idirnáisiúnta na mBan – Imeacht ar Lá Idirnáisiúnta na mBan<br>• Sraith Seimineár Gréasáin<br>• Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus Claontuairim Neamh-chomhfhiosach |
| Dul Chun Cinn Gairme | • Taighde agus Anailís<br>• Clár Forbartha<br>• Cláir um Fhilleadh ó Shaoire |
| Acmhainniú | • Anailís sonraí a dhéanamh ar fheachtais earcaíochta agus ardú céime agus ar ionadaíocht inscne<br>• Meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas earcaíochta agus ar phróisis earcaíochta chun torthaí cothromasacha a chinntiú |
| Anailís Sonraí | • An Grúpa Oibre um an mBearna Phá idir na hInscní<br>• Anailís ar Thosca – páirtaimseartha, earnáil, ról |
| Beartais a Thacaíonn le Teaghlaigh | • Beartais a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn i measc gach gráid agus inscne. |

# 6 Aguisíní

## Ionadaíocht inscne ar fud na ngrád

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***AR*** | | **1** | **1** |
| *Gráid Riaracháin* | | 1 | 1 |
| ***LR*** | | **1** | **1** |
| *Gráid Riaracháin* | | 1 | 1 |
| ***RC*** | | **6** | **6** |
| *Gráid Riaracháin* | | 6 | 6 |
| ***PO*** | **19** | **35** | **54** |
| *Gráid Riaracháin* | 16 | 26 | 42 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 3 | 9 | 12 |
| ***PC*** | **66** | **80** | **146** |
| *Ginearálaí* | 50 | 44 | 94 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 16 | 36 | 52 |
| ***OR*** | **34** | **37** | **71** |
| *Gráid Riaracháin* | 24 | 26 | 50 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 10 | 11 | 21 |
| ***AOF*** | **41** | **36** | **77** |
| *Gráid Riaracháin* | 41 | 35 | 76 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | | 1 | 1 |
| ***OF*** | **44** | **40** | **84** |
| *Gráid Riaracháin* | 44 | 40 | 84 |
| ***OC*** | **30** | **17** | **47** |
| *Gráid Riaracháin* | 30 | 17 | 47 |
| ***OS*** | **1** | **4** | **5** |
| *Gráid Riaracháin* | 1 | 4 | 5 |
| ***Mór-Iomlán*** | **235** | **257** | **492** |

## An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas

| Téama | Gníomhartha | Úinéir | Amlíne | Stádas |
|---|---|---|---|---|
| Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile' | • Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme | An Oifig Oibríochtaí Corparáideacha, an Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | Ráithe 1 de 2023 | Ar Siúl |
| Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile' | • Straitéis Daoine a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | Ráithe 1 de 2023 | Ar Siúl |
| Deiseanna Líonraithe | • Líonra Ban a Bhunú | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2022 | Ar Siúl |
| Deiseanna Líonraithe | • Ballraíocht de Chlub 30% | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt, agus an Bord Bainistíochta | 2022 | Curtha i gcrích |
| Meantóireacht | • Sruth Piarmheantóireachta na mBan | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt, agus Comhpháirtithe Meantóireachta | Treoirchlár na Bliana 2022/2023 | Ar Siúl |
| Meantóireacht | • Meantóireacht líonra Fhoras Bainistíochta na hÉireann/Chlub 30% | An tAonad um Fhoghlaim agus | 2022/2023 | Tá na chéad rannpháirtithe á |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Forbairt, agus an Bord Bainistíochta | | nglacadh isteach faoi láthair |
| Foghlaim agus Forbairt | • Feachtas ar Lá Idirnáisiúnta na mBan<br>• Seimineár Gréasáin maidir le 'Comhráite Deacra a Bhainistiú'<br>• Sláinte na mBan: Oiliúint Feasachta ar Shos Míostraithe, agus an tSeachtain Feasachta ar Shos Míostraithe<br>• Seimineáir Ghréasáin maidir le 'Tuismitheoireacht Chuimsitheach' i gcomhar le Cóitseálaí Tuismitheoireachta<br>• Sraith 'Tacú le Tuismitheoirí' de chuid an Aonaid um Fhoghlaim agus Forbairt sa Roinn<br>• Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus Claontuairim Neamh-chomhfhiosach<br>• Claontuairim Gaireachta i dtimpeallacht oibre cumaisc | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt | 2022/2023 | Ar siúl |
| Dul Chun Cinn Gairme | • Taighde a sheoladh i measc baill foirne maidir lena n-eispéiris ag an obair agus maidir leis na bacainní atá ar a ndul chun cinn gairme chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na bacainní sin.<br>• Cúrsaí forbartha gairme a thabhairt isteach atá saincheaptha do mhná chun tacú leo dul chun cinn gairme a bhaint amach.<br>• Tacaíochtaí breise a chur i bhfeidhm do bhaill foirne atá ag filleadh ó shaoire fhada chun an próiseas a dhéanamh níos éasca. | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt/an tAonad Earcaíochta | 2023 | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Anailís Sonraí | • Anailís sonraí a dhéanamh ar fheachtais earcaíochta agus ardú céime agus ar ionadaíocht inscne | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2023 | |
| Anailís Sonraí | • Grúpa oibre a bhunú i struchtúr rialachais na Straitéise um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun faireachán agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní agus ar bhearta eile comhionannais | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an tAonad Eacnamaíoch agus Meastóireachta | 2022/ 2023 | Cuireadh an chéad tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní i gcrích |
| Anailís Sonraí | • Tuilleadh anailís sonraí a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní i measc fostaithe páirtaimseartha chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha amhail patrúin phostroinnte a éascú tráth ardú céime.<br>• A shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ar róil áirithe teoranta d'fhostaithe lánaimseartha agus, dá bhrí sin, cé acu atá nó nach bhfuil sé sin ag cur bac ar dhul chun cinn gairme i measc postroinnteoirí | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an tAonad Eacnamaíoch agus Meastóireachta | 2022/2023 | |
| Earcaíocht | • Meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas earcaíochta agus ar phróisis earcaíochta chun torthaí cothromasacha a chinntiú | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2023 | |
| Beartais a Thacaíonn le Teaghlaigh | • Beartais a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn i measc gach gráid agus inscne. | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2023 | |